Foilseacháin Bhreithiúnacha

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

Catalóg de cheardlanna breithiúnacha EUAA

2023

Márta 2023

Arna críochnú i Márta 2023

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann EUAA freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

Print ISBN 978-92-9487-401-6 doi:10.2847/909476 BZ-08-22-125-GA-C
PDF ISBN 978-92-9487-404-7 doi:10.2847/530759 BZ-08-22-125-GA-N

© European Union Agency for Asylum (EUAA), 2023

Íomha ar an leathanach clúdaigh, seb_ra © iStock 2023

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Clár

1. Cén ról atá ag Líonra Cúirteanna agus Binsí EUAA? 2

2. Cén fáth a bhfuil ábhar oiliúna breithiúnaí EUAA ina ábhar uathúil ó thaobh a chineáil de? 2

3. Cé a ghníomhóidh mar oiliúnóir dom sa cheardlann? 3

4. Cad iad na ceanglais is gá dom a chomhlíonadh chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna? 3

5. Cén leagan amach atá ag an gceardlann? 4

6. Conas a bheidh a fhios agam cén cheardlann is oiriúnaí dom? 4

7. An ann d'aon ghníomhaíochtaí breithiúnacha eile de chuid EUAA a bhféadfaidh mé leas a bhaint astu mar chomhalta de chúirt nó de bhinse? 5

8. Cé a bheidh in ann freagra a thabhairt ar mo cheisteanna? 6

Catalóg de cheardlanna breithiúnacha EUAA

Cúram dúshlánach is ea tabhairt faoi oiliúint i gcásanna cosanta idirnáisiúnta agus cinneadh a dhéanamh orthu mar bhreitheamh. Tá sé sin amhlaidh de bharr a chasta atá an réimse sin den dlí, de bharr na staide geopholaitiúla domhanda a bhíonn ag athrú de shíor agus de bharr na n-iarmhairtí daonna féideartha atá i gceist. Chun freagairt don dúshlán sin, teastaíonn ó chleachtóirí breithiúnacha sa réimse **rochtain ar uirlisí ar ardchaighdeán chun tacú leo a gcúraimí laethúla a chur i gcrích**.

Chun an **oiliúint bhreithiúnach a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta a chomhlánú**, déanann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), arb é Lárionad saineolais an Aontais Eorpaigh i réimse na cosanta idirnáisiúnta é, ábhair oiliúna breithiúnaí agus gníomhaíochtaí oiliúna breithiúnaí a fhorbairt agus a chothú do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí chun a shainordú a chomhlíonadh ([1]).

Is ionann an tacaíocht thiomnaithe sin agus an toradh atá ar an dlúth-chomhoibriú atá ar bun idir EUAA, Líonra tiomnaithe agus Díorma Oiliúnóirí Breithiúnacha EUAA. Tá an tacaíocht sin beartaithe go hiomlán chun dul chun tairbhe do na mílte comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí ar fud na hEorpa atá ag obair sa réimse seo den dlí, ar réimse é atá fíorspeisialaithe agus fíorspéisiúil san am céanna.

1. Cén ról atá ag Líonra Cúirteanna agus Binsí EUAA?

Ag obair dó tríd an Earnáil Cúirteanna agus Binsí, d'fhorbair EUAA Líonra atá ag fás go seasta thar na blianta. Tá ionadaíocht á déanamh sa Líonra anois do **chúirteanna agus binsí ó gach ceann de Bhallstáit AE agus de na Tíortha Comhlachaithe** (tíortha AE+). Tá ionadaíocht á déanamh ann anois do na príomh-gheallsealbhóirí seo a leanas freisin:

- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine;
- comhlachais bhreithiúnacha amhail Comhlachas na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha agus an Comhlachas Idirnáisiúnta um Breithiúna Dídeanaithe agus Imirce;
- comhlachtaí eile, amhail Acadamh an Dlí Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Líonra Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.

Ón mbliain 2013 amach, tá an Líonra ag teacht le chéile gach bliain ag Ceanncheathrú EUAA i Málta chun saincheisteanna straitéiseacha agus téamacha a phlé, go háirithe i réimse na hoiliúna breithiúnaí. Chuige sin, tá torthaí iontacha bainte amach ag an Líonra trí rannchuidiú le *Sraith forbartha gairmiúla EUAA do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a fhorbairt*, rud a bhfuil gach ceann de cheardlanna breithiúnacha EUAA bunaithe air.

2. Cén fáth a bhfuil ábhar oiliúna breithiúnaí EUAA ina ábhar uathúil ó thaobh a chineáil de?

Ag obair dó i ndlúthchomhar leis an Líonra, tacaíonn EUAA le cruthú, athbhreithniú, athrú chun dáta agus aistriú a dhéanamh ar an tSraith forbartha gairmiúla, atá ina tacar ábhar oiliúna arna bhforbairt go heisiach "ag breithiúna do bhreithiúna". Tá na foilseacháin sin beartaithe chun

([1]) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Airteagal 6.

cóineasú agus comhsheasmhacht a chothú i gcur i bhfeidhm an dlí cosanta idirnáisiúnta trí raon leathan topaicí lena gcumhdaítear an Comhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Tá an tSraith forbartha gairmiúla ar fáil i níos mó ná naoi dteanga.

Cé go mbíonn ag méadú ar a mhéid a bhíonn cúirteanna náisiúnta, binsí náisiúnta agus na cúirteanna Eorpacha ag tagairt don tSraith forbartha gairmiúla i dtreoirchásanna, tá sé mar phríomhchuspóir léi fós teacht chun a bheith ina **bailiúchán uathúil ábhar oiliúna breithiúnaí ar ardchaighdeán**.

Tá gach ceardlann bhreithiúnach a eagraíonn EUAA bunaithe ar **anailís bhreithiúnach** nó ar **threoir bhreithiúnach phraiticiúil**. De bhreis air sin, tugtar i **nótaí treorach na n-oiliúnóirí breithiúnacha pointí le haghaidh plé, cás-staidéir, cleachtaí bréagchúirte** agus **cleachtaí idirghníomhacha** eile a bhfuil mar aidhm leo tacú leis na daoine sin a sholáthraíonn oiliúint sna topaicí faoi seach.

3. Cé a ghníomhóidh mar oiliúnóir dom sa cheardlann?

Chun gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a dhéanamh, bíonn EUAA ag brath ar **Dhíorma Oiliúnóirí Breithiúnacha EUAA**, a bunaíodh in 2017. Fónann an díorma mar fhoinse oiliúnóirí breithiúnacha náisiúnta a imscartar chun oiliúint a chur ar a gcomh-chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí ó áiteanna ar fud thíortha AE+.

Tá na comhaltaí uile den díorma ina gcomhaltaí ar seirbhís de chúirt nó de bhinse nó ina n-oiliúnóirí ó chomhlachtaí náisiúnta oiliúna breithiúnaí arb amhlaidh, ón lá seo amach, gur as 16 thír AE+ dóibh. Tá ag gach duine díobh eolas fairsing ar réimse na cosanta idirnáisiúnta agus léargas praiticiúil ar an bpróiseas cinnteoireachta sa réimse.

4. Cad iad na ceanglais is gá dom a chomhlíonadh chun páirt a ghlacadh sna ceardlanna?

Ar aon dul leis an **gcur chuige cuimsitheach a ghlacann an Líonra**, is féidir le duine ar bith atá ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta — bíodh sé mar oiliúnóir breithiúnach, mar chomhalta ar seirbhís de chúirt nó de bhinse nó mar rapóirtéir dlíthiúil, mar chúntóir nó mar oifigeach taighde atá ag obair faoina m(h)aoirseacht dhíreach — páirt a ghlacadh i gceardlanna breithiúnacha EUAA.

Uair nó dhó sa bhliain, scaipeann EUAA ar na comhaltaí de Líonra Cúirteanna agus Binsí EUAA **glao le haghaidh léiriú spéise** i bpáirt a ghlacadh i gceardlanna forbartha gairmiúla EUAA. Tá na pointí teagmhála líonra freagrach as an bhfaisnéis riachtanach ar fad a scaipeadh agus as rannpháirtithe a ainmniú le haghaidh aon cheardlainne ar leith. Dá bhrí sin, tá do **phointe teagmhála líonra mar phointe fócais duit**.

Sa deireadh, tá do rannpháirtíocht faoi réir **prionsabail bhunaidh mhodheolaíocht na Sraithe forbartha gairmiúla a chomhlíonadh**. Is iad sin, a thaispeáint go bhfuil tú i do chomhalta ar seirbhís de chúirt agus/nó de bhinse agus/nó i d'oiliúnóir breithiúnach i réimse na cosanta idirnáisiúnta; go bhfuil eolas agus taithí ábhartha agat ar an dlí tearmainn; agus go bhfuil dea-eolas oibre agat ar Bhéarla labhartha agus scríofa. I gcás inar mó an líon ainmniúchán ná an líon áiteanna atá ar fáil, dréachtóidh EUAA an liosta deiridh rannpháirtithe chun **ionadaíocht chothrom gheografach agus inscne a áirithiú i measc na rannpháirtithe**.

Tabhair faoi deara gur féidir go bhfaighfear ainmniúcháin leithleacha go díreach ó **Chomhlachtaí Náisiúnta Oiliúna Breithiúnaí** nó tríd an **Líonra Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach** freisin.

Tá sé **saor in aisce** páirt a ghlacadh i gceardlanna breithiúnacha EUAA. Soláthraíonn EUAA ranníocaíocht airgeadais chun speansais a bhaineann le rannpháirtíocht i gceardlanna aghaidh ar aghaidh a chlúdach, lena n-áirítear costais taistil agus chóiríochta agus liúntas cothaithe laethúil, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid EUAA.

5. Cén leagan amach atá ag an gceardlann?

Soláthraíonn **beirt oiliúnóirí breithiúnacha ó Dhíorma Oiliúnóirí Breithiúnacha EUAA** na ceardlanna uile atá sa chatalóg seo. I bhformhór na gcásanna, is as dhá thír dhifriúla dóibh agus tá taithí chomhlántach acu ar an topaic.

Tá na ceardlanna deartha do lucht freastail a chuimseoidh thart ar **20 rannpháirtí**, áit a mbeidh 25 rannpháirtí ar an uaslíon chun idirghníomhaíocht leis na hoiliúnóirí breithiúnacha agus malartuithe i measc rannpháirtithe a spreagadh.

Is cuma cé acu atá na ceardlanna ar siúl ar bhonn **aghaidh ar aghaidh** nó ar bhonn **cianda** trí fheidhmchlár WebEx (nó trí aon fheidhmchlár malartach), **spreagtar idirghníomhaíocht i gcónaí,** bunaithe orthu seo:

- láithreoireachtaí ó na hoiliúnóirí breithiúnacha (éisteacht agus ceisteanna a chur);
- cás-staidéir (roinnfear na rannpháirtithe ina dhá ngrúpa; gníomhóidh oiliúnóirí breithiúnacha mar éascaitheoirí; cabhrófar le rannpháirtithe teacht ar cheisteanna agus féadfaidh siad ceisteanna a chur; aimseoidh na grúpaí an bealach chun teacht ar fhreagraí féideartha);
- plé i ngrúpaí (pléifidh grúpaí beaga ceist nó dhó agus tuairisceofar na torthaí ar ais don chruinniú iomlánach);
- cleachtadh bréagchúirte (tabharfar fíorais do chomhaltaí de roinnt grúpaí — an chúirt; an t-achomharcóir; an stát; an t-idirghabhálaí tríú páirtí — ar mhaithe le rannpháirtithe a spreagadh teacht ar cheisteanna/ar fhreagraí féideartha, straitéis a mhionléiriú agus nuáil);
- malartuithe maidir leis na cleachtais ábhartha náisiúnta i leith cásanna agus maidir leis na dea-chleachtais ábhartha náisiúnta faoi seach.

De bhreis air sin, bítear ag súil leis go dtabharfaidh rannpháirtithe freagra ar shuirbhé réamhcheardlainne a bhfuil mar aidhm leis sainaithint a dhéanamh ar réimsí sonracha fócais atá le cumhdach ag na hoiliúnóirí breithiúnacha.

Cé gur féidir go mbeidh éagsúlacht bheag ann sa líon beacht uaireanta a theastóidh chun aon cheardlanna ar leith a leanúint, áirítear leo **oiliúint ar feadh 20 uair an chloig ar a mhéad, lena n-áirítear le linn chéim an ullmhúcháin**. Maireann ceardlanna aghaidh ar aghaidh a óstáiltear in áitreabh EUAA i Málta nó i láithreacha Ballstáit **dhá lá**, agus leatar ceardlanna cianda thar **lá go leith.**

6. Conas a bheidh a fhios agam cén cheardlann is oiriúnaí dom?

Tá gach ceardlann **bunaithe ar cheann amháin de chaibidlí na Sraithe forbartha gairmiúla** is féidir a íoslódáil ó shuíomh gréasáin EUAA anseo.

Tá na topaicí roinnte ina dtrí chatagóir: croíthopaicí, topaicí cothrománacha agus saintopaicí.

Is iad seo a leanas **croí**thopaicí na Sraithe forbartha gairmiúla:

- Cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta (Treoir 2011/95/AE);
- Measúnú fianaise agus creidiúnachta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn;
- Nósanna imeachta tearmainn agus prionsabal an *non-refoulement*.

Roimh bhreithniú a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh in aon cheardlanna eile a leagtar amach sa chatalóg seo, go háirithe iad sin lena gcumhdaítear saintopaicí, tá sé inmholta go mbeadh rannpháirtithe féideartha in ann a thaispeáint go bhfuil an t-eolas riachtanach acu ar na croíthopaicí sin.

De bhreis air sin, aimseoidh tú ceardlanna sa chatalóg seo lena gcumhdaítear topaicí a bhfuil **gné níos cothrománaí** acu. Seo iad:

- Tús eolais ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn le haghaidh cúirteanna agus binsí;
- Faisnéis faoin tír thionscnaimh;
- Leochaileacht i gcomhthéacs iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Ag glacadh leis go bhfuil eolas fairsing agus taithí fhairsing agat cheana féin ar réimse an dlí cosanta idirnáisiúnta, d'fhéadfadh go dtabharfadh na **ceardlanna saineolaithe** seo a leanas aghaidh ar do riachtanais mar oiliúnóir breithiúnach agus/nó mar chomhalta de chúirt agus de bhinse:

- Coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn;
- Glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (Treoir 2013/33/AE maidir le Coinníollacha Glactha);
- Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE);
- Eisiamh: Airteagal 12 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE);
- Deireadh a chur le cosaint idirnáisiúnta: Airteagail 11, 14, 16 agus 19 den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE).

7. An ann d'aon ghníomhaíochtaí breithiúnacha eile de chuid EUAA a bhféadfaidh mé leas a bhaint astu mar chomhalta de chúirt nó de bhinse?

Tá líon méadaitheach ceardlann forbartha gairmiúla de chuid EUAA á eagrú thar na blianta agus is an-ard ar an iomlán atá an ráta sástachta i measc rannpháirtithe (níos mó ná 90 %). Tá na ceardlanna sin fós ina **gcuid dhílis den tacaíocht a thugann EUAA do chomhaltaí AE+ de chúirteanna agus de bhinsí** agus, dá bhrí sin, ní chuimsítear ach na ceardlanna sin sa chatalóg seo.

Mar oiliúnóir breithiúnach agus/nó mar chomhalta de chúirt nó de bhinse, áfach, d'fhéadfadh go mbainfeá leas freisin as raon leathan gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla atá ar tairiscint ag EUAA. Áirítear leo sin **ceardlanna náisiúnta i dteanga seachas Béarla, ceardlanna ad hoc faoi Phleananna leanúnacha EUAA um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil do na Ballstáit**, ceardlanna breithiúnacha a eagraítear laistigh den **Ghné Sheachtrach** (tríú tíortha) agus **comhdhálacha ardleibhéil** a bhfuil mar aidhm leo idirphlé cothrománach a chothú i measc comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí.

Ina theannta sin, tá **ceardlanna atá tiomnaithe don mhodheolaíocht oiliúna breithiúnaí** á bhforbairt ag EUAA faoi láthair chun acmhainn a thógáil do bhreithiúna chun go dtiocfaidh siad ina n-oiliúnóirí i réimse an dlí cosanta idirnáisiúnta sa todhchaí nó chun go mbeidh siad in ann a scileanna reatha a neartú go bunúsach. De bhreis air sin, cuireann **Painéal Saineolaithe EUAA**, ar sraith seimineár gréasáin do ghairmithe breithiúnacha é, ar chumas na gcomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí tuairimí, léirithe, an cásdlí náisiúnta le déanaí, dea-chleachtais maidir le topaicí dúshlánacha agus forbairtí le déanaí i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a mhalartú.

8. Cé a bheidh in ann freagra a thabhairt ar mo cheisteanna?

Beidh do phointe teagmhála líonra mar phointe fócais duit le haghaidh aon cheisteanna atá agat. I gcás ina dteastóidh aon soiléirithe breise uait maidir le faisnéis ar bith atá sa chatalóg, déan teagmháil le hEarnáil Cúirteanna agus Binsí EUAA ag judicialsupport@euaa.europa.eu.

Ar na chéad leathanaigh eile, aimseoidh tú na mionsonraí faoi scóip agus inneachar 11 cheardlann speisialaithe ar a laghad do chomhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí i réimse na cosanta idirnáisiúnta.

Tá gach duine d'fhoireann Earnáil Cúirteanna agus Binsí EUAA ag súil le fáilte a chur romhat chuig ceann amháin de ghníomhaíochtaí oiliúna breithiúnaí EUAA!

Key

Croíthopaicí
Topaicí Cothrománacha
Saintopaicí

1. Croíthopaic	CÁILITHEACHT DO CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA (TREOIR 2011/95/AE)
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• cáilitheacht do stádas dídeanaí nó do chosaint choimhdeach: foinsí dlí agus coincheapa dlíthiúla • gníomhartha agus gníomhaithe géarleanúna • gníomhartha agus gníomhaithe cosanta • rogha um chosaint inmheánach • faitíos roimh ghéarleanúint a bhfuil bunús maith leis agus cúiseanna le géarleanúint • na rialacha maidir le léirmhíniú na Treorach maidir le Cáilitheacht (athmhúnlú)
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • sainaithint a dhéanamh ar na clásail chuimsithe le haghaidh cáilitheacht do stádas dídeanaí agus na clásail sin a thuiscint • sainaithint a dhéanamh ar na clásail chuimsithe le haghaidh cáilitheacht do chosaint choimhdeach agus na clásail sin a thuiscint • a thuiscint cén fáth ar gá cur chuige struchtúrtha a ghlacadh i leith measúnú a dhéanamh ar cháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta • cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a thuiscint agus a chur i bhfeidhm • cumas méadaithe a ghnóthú chun dlí-eolaíocht agus dúnghaois ábhartha eile a shainaithint
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Cháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta (Treoir 2011/95/AE)***, atá ar fáil lena híoslódáil anseo.
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

2. Croíthopaic	MEASÚNÚ FIANAISE AGUS CREIDIÚNACHTA I gCOMHTHÉACS AN CHOMHCHÓRAIS EORPAIGH TEARMAINN
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• an próiseas measúnaithe fianaise agus creidiúnachta • an creat dlíthiúil AE le haghaidh táscairí measúnaithe fianaise agus creidiúnachta • na prionsabail agus na caighdeáin shonracha is infheidhme maidir le measúnú fianaise agus creidiúnachta
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • úsáid a bhaint as na coincheapa dlíthiúla agus as an gcásdlí is infheidhme sa réimse • sainaithint a dhéanamh ar na tosca a d'fhéadfadh an próiseas cinnteoireachta a shaobhadh • modh struchtúrtha a chur i bhfeidhm i leith measúnú fianaise agus creidiúnachta
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Mheasúnú fianaise agus creidiúnachta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn*** agus ar an gcnuasach dlí-eolaíochta comhfhreagrach, a bhfuil an dá cheann díobh ar fáil lena n-íoslódáil anseo.
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

3. Croíthopaic	**NÓSANNA IMEACHTA TEARMAINN AGUS PRIONSABAL AN *NON-REFOULEMENT***
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• coincheapa na nósanna imeachta agus an *non-refoulement* • na bunphrionsabail, na bunchoimircí agus na bunráthaíochtaí nós imeachta le haghaidh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a leagtar síos sa Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (athmhúnlú), lena n-áirítear an ceart fanachta (*non-refoulement*) • na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta tearmainn agus achomhairc in aghaidh cinntí aistrithe faoi chuimsiú an chinnidh ón mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III • (Rialachán Uimh. 604/2013) • rialacha na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (athmhúnlú) lena rialaítear an scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar an gcéad ásc agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil • raon feidhme na Treorach um Fhilleadh (Treoir 2008/115/CE), a mhéid a bhaineann leis an tearmann
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • úsáid a bhaint as an bpríomh-chásdlí is infheidhme sa réimse • sainaithint a dhéanamh ar na céimeanna agus na cineálacha difriúla de nósanna imeachta tearmainn • tuiscint shoiléir a léiriú ar na coimircí nós imeachta, lena n-áirítear na rialacha lena rialaítear cur i bhfeidhm phrionsabal an *non-refoulement*
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Nósanna imeachta tearmainn agus prionsabal an non-refoulement*** agus ar an **gCnuasach dlí-eolaíochta** comhfhreagrach, a bhfuil an dá cheann díobh ar fáil lena n-íoslódáil **anseo**: Anailís bhreithiúnach: anseo Cnuasach dlí-eolaíochta: anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

4. Topaic chothrománach	TÚS EOLAIS AR AN gCOMHCHÓRAS EORPACH TEARMAINN LE hAGHAIDH CÚIRTEANNA AGUS BINSÍ
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• forbhreathnú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn, ar an bhforbairt agus ar an athrú atá tagtha air, agus ar na hionchais atá ann maidir lena fhorbairt amach anseo • scrúdú domhain ar na hionstraimí dlí ábhartha: dlí príomhúil agus tánaisteach AE agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • bunús dlí an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a shainmhíniú • forálacha an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a thuiscint agus a chur i bhfeidhm • eolas a léiriú ar chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Thús eolais ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn le haghaidh cúirteanna agus binsí***, atá ar fáil lena híoslódáil anseo.
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

5. Topaic chothrománach	ÚSÁID PHRAITICIÚIL FAISNÉISE FAOIN TÍR THIONSCNAIMH
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• an sainmhíniú ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh, ar a foinsí agus ar a modheolaíocht shonrach • na riachtanais phraiticiúla atá ag comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh • an úsáid a bhaintear as faisnéis faoin tír thionscnaimh sa phróiseas cinnteoireachta breithiúnaí, agus díriú á leagan ar réimsí saineolais, amhail an mheastóireacht ar rioscaí amach anseo, coincheap na cosanta stáit, roghanna eile ar chosaint inmheánach, etc.
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • a shainmhíniú cad is faisnéis faoin tír thionscnaimh ann • meastóireacht chuí a dhéanamh ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus idirdhealú a dhéanamh idir an fhaisnéis sin agus ábhar eile amhail treoir tíre agus doiciméid bheartais eile • aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le faisnéis faoin tír thionscnaimh a úsáid, lena n-áirítear saincheisteanna nós imeachta, an fhaisnéis a chomhroinnt, agus ceisteanna iomchuí a chur maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh • faisnéis faoin tír thionscnaimh a úsáid sa phróiseas cinnteoireachta
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an treoir bhreithiúnach phraiticiúil ó EUAA maidir le ***Faisnéis faoin tír thionscnaimh*** agus ar an gCnuasach dlí-eolaíochta comhfhreagrach, a bhfuil an dá cheann díobh ar fáil lena n-íoslódáil **anseo**: Treoir bhreithiúnach phraiticiúil: anseo Cnuasach dlí-eolaíochta: anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

6. Topaic chothrománach	LEOCHAILEACHT I gCOMHTHÉACS IARRATAS AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• an sainmhíniú ar choincheap na leochaileachta faoi chuimsiú an dlí cosanta idirnáisiúnta agus inneachar an choincheapa sin • sainaithint iarratasóirí a bhfuil sainriachtanais ghlactha agus/nó sainráthaíochtaí nós imeachta acu • saincheisteanna sonracha amhail fianaise leighis agus measúnú aoise • leochaileacht i gcomhthéacs na cáilitheachta do chosaint idirnáisiúnta agus i gcomhthéacs inneachar na cosanta idirnáisiúnta (an tionchar ar mheasúnuithe fianaise agus creidiúnachta) • catagóirí sonracha leochaileachta (mionaoisigh, treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht inscne) • sainráthaíochtaí nós imeachta i nósanna imeachta riaracháin agus os comhair cúirteanna agus binsí
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • coincheap na leochaileachta i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta a thuiscint • sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag sainráthaíochtaí nós imeachta nó ag sainriachtanais ghlactha ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Leochaileacht i gcomhthéacs iarratas ar chosaint idirnáisiúnta***, atá ar fáil lena híoslódáil **anseo**: Anailís bhreithiúnach anseo Cnuasach dlí-eolaíochta anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta

7. Saintopaic	AIRTEAGAL 15(C) DEN TREOIR MAIDIR LE CÁILITHEACHT (TREOIR 2011/95/AE)
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• comhthéacs Airteagal 15(c) maidir le Cáilitheacht (athmhúnlú) i ndáil le cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta • forbhreathnú ar chur i bhfeidhm Airteagal 15(c) • anailís dhomhain ar an mbrí atá le fíorbhaol díobhála tromchúisí, coinbhleachta armtha, foréigin neamh-idirdhealaithigh agus bagartha tromchúisí agus aonair agus coincheap an tsibhialtaigh
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • seasamh Airteagal 15(c) maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlú) faoi mhórchuimsiú an dlí cosanta idirnáisiúnta a thuiscint • máistreacht a fháil ar na heilimintí d'Airteagal 15(c) agus sainaithint a dhéanamh ar na príomhdhúshláin a eascraíonn as a chur i bhfeidhm • a thuiscint cén fáth ar gá cur chuige struchtúrtha a ghlacadh i leith Airteagal 15(c) a anailísiú • cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le hAirteagal 15(c) a thuiscint agus a chur i bhfeidhm • dlí-eolaíocht ábhartha agus ábhair ábhartha eile a bhaineann le hAirteagal 15(c) a shainaithint
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Airteagal 15(c) den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE)***, atá ar fáil lena híoslódáil anseo.
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta Maidir le rannpháirtithe atá toilteanach an cheardlann seo a leanúint, b'fhearr go mbeadh eolas domhain acu ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus ar cháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta agus b'fhearr go mbeadh ardtaithí acu ar chinneadh a dhéanamh ar chásanna cosanta idirnáisiúnta.

8. Saintopaic	EISIAMH: AIRTEAGAL 12 AGUS AIRTEAGAL 17 DEN TREOIR MAIDIR LE CÁILITHEACHT (TREOIR 2011/95/AE)
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• an creat dlíthiúil AE a bhaineann leis na clásail eisiaimh a leagtar síos in Airteagal 12 agus in Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht (athmhúnlú) agus an cásdlí ábhartha • conas sainaithint a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil feidhm ag na clásail eisiaimh agus conas na cásanna sin a anailísiú • tuiscint ar an gcur chuige cuí i leith an dualgais chruthúnais agus an chaighdeáin chruthúnais is infheidhme i gcomhthéacs na gclásal eisiaimh • na bunphrionsabail, na bunchoimircí agus na bunráthaíochtaí nós imeachta a bhfuil feidhm acu i gcásanna a bhaineann leis na clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm • díriú ar shaincheisteanna sonracha fianaise a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcásanna eisiaimh
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • Airteagal 12 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht (athmhúnlú) agus an seasamh atá acu faoi mhórchuimsiú na cosanta idirnáisiúnta a thuiscint go domhain • "cásanna eisiaimh" a anailísiú • cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an topaic seo a chur i bhfeidhm • dlí-eolaíocht ábhartha agus ábhair ábhartha eile a shainaithint • an anailís bhreithiúnach a úsáid mar "uirlis chabhrach" i ndáil leis na príomhcheisteanna a chumhdaítear
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Eisiamh: Airteagal 12 agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE)*, 2ú hEagrán**, agus an Cnuasach dlí-eolaíochta comhfhreagrach, a bhfuil an dá cheann díobh ar fáil lena n-íoslódáil **anseo**: Anailís bhreithiúnach, 2ú heagrán: anseo Cnuasach dlí-eolaíochta: anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta Maidir le rannpháirtithe atá toilteanach an cheardlann seo a leanúint, b'fhearr go mbeadh eolas domhain acu ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Áirítear leis sin, go háirithe, cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta faoi Threoir 2011/95/AE agus an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (Treoir 2013/32/AE), i dteannta ardtaithí ar chinneadh a dhéanamh ar chásanna cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear cásanna eisiaimh.

9. Saintopaic	DEIREADH A CHUR LE COSAINT IDIRNÁISIÚNTA AIRTEAGAIL 11, 14, 16 AGUS 19 DEN TREOIR MAIDIR LE CÁILITHEACHT (TREOIR 2011/95/AE)
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• tuiscint ar na difríochtaí atá ann idir scor de chosaint, cosaint a chúlghairm, deireadh a chur le cosaint nó diúltú do chosaint a athnuachan agus stádas dídeanaí a tharraingt siar, mar aon le cosaint choimhdeach agus shealadach • gnéithe nós imeachta a bhaineann le deireadh a chur le cosaint idirnáisiúnta • forais le deireadh a chur le cosaint, amhail iad seo a leanas: – gníomhartha aonair – athrú ar imthosca – bréagléiriú – contúirt do shlándáil agus ciontú i gcoireacht thromchúiseach • forais shonracha a bhaineann le cosaint choimhdeach
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an deireadh le cosaint agus sainaithint a dhéanamh ar na forais dhifriúla ar a mbunaítear an cinneadh chun deireadh a chur le cosaint • an príomh-chásdlí ar an topaic seo a thuiscint go domhain • an anailís bhreithiúnach a úsáid mar “uirlis chabhrach” i ndáil leis na príomhcheisteanna a chumhdaítear
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Dheireadh a chur le cosaint idirnáisiúnta: Airteagail 11, 14, 16 agus 19 den Treoir maidir le Cáilitheacht (Treoir 2011/95/AE),*** atá ar fáil lena híoslódáil **anseo**: Anailís bhreithiúnach: anseo Cnuasach dlí-eolaíochta: anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta Maidir le rannpháirtithe atá toilteanach an cheardlann seo a leanúint, b’fhearr go mbeadh eolas domhain acu ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Áirítear leis sin, go háirithe, cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta faoi Threoir 2011/95/AE agus an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (Treoir 2013/32/AE), i dteannta ardtaithí bhreithiúnach ar chásanna cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear cásanna eisiaimh.

10. Saintopaic	GLACADH IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA (TREOIR 2013/33/AE MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA)
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• raon feidhme agus aidhm na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlú) agus an t-idirchaidreamh idir an Treoir sin agus foinsí eile dlí • an measúnú ar na sainriachtanais ghlactha atá ag iarratasóirí leochaileacha • inneachar na gcoinníollacha neamhábhartha glactha agus na gcoinníollacha ábhartha glactha • coinníollacha glactha a laghdú nó a tharraingt siar • na ráthaíochtaí nós imeachta agus an ceart chun achomharc a dhéanamh
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • seasamh na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlú) faoi mhórchuimsiú na cosanta idirnáisiúnta a thuiscint • aghaidh níos cuimsithí a thabhairt ar an anailís ar achomhairc in aghaidh cinntí arna ndéanamh i ndáil leis an gceart chun glactha • cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an topaic seo a thuiscint go domhain • dlí-eolaíocht ábhartha agus ábhair ábhartha eile a shainaithint • an anailís bhreithiúnach a úsáid mar “uirlis chabhrach” i ndáil leis na príomhcheisteanna a chumhdaítear
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Ghlacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (Treoir 2013/33/AE maidir le Coinníollacha Glactha)***, atá ar fáil lena híoslódáil anseo.
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta Maidir le rannpháirtithe atá toilteanach an cheardlann seo a leanúint, b’fhearr go mbeadh eolas domhain acu ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn

11. Saintopaic	COINNEÁIL IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA I gCOMHTHÉACS AN CHOMHCHÓRAIS EORPAIGH TEARMAINN
Cad iad na príomhthopaicí a chumhdaítear?	• an bhrí atá leis an gcoinneáil laistigh den Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus an dóigh a mbaineann sí le srianta eile ar an tsaoirse • na forais leis an gcoinneáil agus fad na coinneála • coinníollacha coinneála • na roghanna eile ar an gcoinneáil agus an fheidhm atá acu • coimircí sonracha, go háirithe i ndáil le mionaoisigh agus le hiarratasóirí leochaileacha eile
Cad iad na torthaí foghlama?	Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh rannpháirtithe in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh: • máistreacht a fháil ar an eolas teoiriciúil agus praiticiúil ar choinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta • sainaithint a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla a bhaineann le coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus na forálacha sin a chur i bhfeidhm • léargas ginearálta a léiriú ar staid reatha an dlí maidir le coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta • cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na mórfhoinsí dlí phríomhúil agus thánaistigh AE a bhaineann le coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta
Cad iad na hábhair thagartha?	Tá an cheardlann bunaithe ar an anailís bhreithiúnach a rinne EUAA ar ***Choinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn*** agus ar an gCnuasach dlí-eolaíochta comhfhreagrach, a bhfuil an dá cheann díobh ar fáil lena n-íoslódáil **anseo**: Anailís bhreithiúnach: anseo Cnuasach dlí-eolaíochta: anseo
Cé hiad na daoine ar cheart dóibh freastal ar an gceardlann?	• oiliúnóirí breithiúnacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta • comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí a dhéileálann le cásanna cosanta idirnáisiúnta Maidir le rannpháirtithe atá toilteanach an cheardlann seo a leanúint, b'fhearr go mbeadh eolas domhain acu ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh